eDeposit Ireland

Mental Health (Criminal Law) Review Board Annual Report 2009

Item Type	report
Citation	Ireland. Mental Health (Criminal Law) Review Board, 'Mental Health (Criminal Law) Review Board Annual Report 2009', [report], Mental Health (Criminal Law) Review Board, 2010
Publisher	Mental Health (Criminal Law) Review Board
Download date	2026-05-17 20:38:12
Link to Item	https://hdl.handle.net/20.500.14765/110590

Tuarascáil Bhliantúil
2009

An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte
(An Dlí Coiriúil)

MENTAL HEALTH (CRIMINAL LAW) REVIEW BOARD

An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil)
51 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2
Teileafón: (01) 602 8221
R-phost: info@mhclrb.ie
Láithreán Gréasáin: www.mhclrb.ie

CLÁR LEATHANACH

1. Réamhfhocal an Chathaoirligh 3

2. Feidhm An Bhoird Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) 6

3. Athbhreithnithe de chuid an Bhoird 6

4. An Scéim um Chúnamh Dlí Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) 8

5. Orduithe Urscaoilte 8

6. Imeachtaí Dlí 9

7. Cruinnithe 11

8. Caiteachas 11

AGUISÍNÍ

Aguisín A - Líon Éisteachtaí in aghaidh na míosa - 2009/2008/2007 12

Aguisín B - Líon Éisteachtaí de réir Athbhreithnithe - 2009/2008/2007 13

Aguisín C - Líon Éisteachtaí in aghaidh an Ailt den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006 - 2009/2008/2007 14

Aguisín D - Meánlíon Cásanna a Sannadh chuig Ionadaithe Dlí ar Phainéal Cúnaimh Dlí - 2009/2008/2007 15

1. RÉAMHFHOCAL AN CHATHAOIRLIGH

Bunaíodh an Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (an Dlí Coiriúil) an 27 Meán Fómhair 2006 faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006. Is é príomhfheidhm an Bhoird ná athbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil othar faoin Acht in ionad ainmnithe. Faoi láthair is é an t-aon ionad ainmnithe ná an Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar. I gcomhlíonadh na feidhme dó, tá sé de cheanglas ar an mBord aird a thabhairt, *inter alia,* ar leas agus ar shábháilteacht an duine a bhfuil a c(h)oinneáil á athbhreithniú agus ar leas an phobail. Nuair atá athbhreithniú déanta ag an mBord ar choinneáil othair, tá sé de cheanglas air cibé ordú a mheastar dó a bheith iomchuí a dhéanamh cibé an mbaineann an t-ordú sin le breis coinneála, cúram nó cóireáil in ionad ainmnithe nó leis an othar a scaoileadh amach gan choinníoll nó faoi choinníollacha i ndáil le cóireáil mar othar seachtrach nó faoi mhaoirseacht nó an dá rud sin, nó i gcás othair a cuireadh isteach as príosún, leis an othar a chur ar ais i bpríosún.

I rith 2009 agus an Bord anois ina thríú bliain, bhog sé ón gcéim bhunaithe go dtí tréimhse chomhdhlúthaithe. Lean sé ar aghaidh ag feabhsú agus ag láidriú a chuid cleachtas agus nósanna imeachta. Bhí an Bord níos gnóthaí i mbliana ná anuraidh agus 167 athbhreithniú aonair déanta aige ar choinneáil othar. Is ardú 26% é sin ar líon na n-athbhreithnithe a rinne an Bord i gcomparáid lena chéad bhliain iomlán agus ardú 11% ar 2008. I roinnt cásanna rinne an Bord an 6ú, 7ú agus 8ú athbhreithniú ar choinneáil roinnt othar atá á gcoinneáil faoin Acht.

Leanann an Bord ar aghaidh ag déanamh imní ó tharla nár achtaíodh an reachtaíocht chun foráil a dhéanamh d'in-fhorfheidhmitheacht coinníollacha scaoilte go fóill. Ciallaíonn sé seo go bhfuil laghdú mór, ach riachtanach, déanta ar bhreithnuithe an Bhoird maidir le scaoileadh roinnt othar amach sa phobal le cosaintí i bhfeidhm don othar agus don phobal. Mar a luadh roimhe seo, níl an chuid is mó de na hothair atá faoi choinneáil faoi Acht 2006 oiriúnach do scaoileadh amach faoi láthair ach tá roinnt othar ann a scaoilfeadh an Bord amach dá bhféadfadh sé sin a dhéanamh faoi réir coinníollacha in-fhorfheidhmithe. Tá an Bord fós den tuairim go dtéann coinneáil leanúnach na n-othar seo in aghaidh an rúin a bhí ó thús leis an Acht. Tuigeann an Bord ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí go n-achtófar reachtaíocht chun réiteach a fháil ar an scéal go luath.

Ba mhaith liom thar ceann an Bhoird buíochas a ghlacadh leis an Ollamh Harry Kennedy, lena chuid comhghleacaithe, le foireann altranais, seirbhísí sóisialta agus riaracháin an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalar as a gcuid tacaíocht agus comhoibriú i rith na bliana. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt chomh maith don obair a dhéanann na hionadaithe dlí a dhéanann ionadaíocht ar othair a thagann os comhair an Bhoird. Mar gheall ar an ngalar ní féidir le go leor de na hothair seo labhairt ar a son féin. Tugann go leor de na hionadaithe dlí cúnamh dá gcliant othar ar bhealaí a théann thar a ndualgas, agus tá an Bord an-bhuíoch as sin.

Glacaim buíochas le comhaltaí foirne an Bhoird Liam Fitzgerald Uasal, Príomhfheidhmeannach, Paul Laycock Uasal (go dtí Iúil 2009), John Egan Uasal (go dtí Nollaig 2009) agus Ann Casey Uasal.

An Breitheamh Brian McCracken

Deireadh Fómhair 2010

2. FEIDHM AN BHOIRD ATHBHREITHNITHE MEABHAIR-SHLÁINTE (AN DLÍ COIRIÚIL)

Bunaíodh an Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) an 27 Meán Fómhair 2006 le hordú ón Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí faoi Alt 11 den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006. Tá an Bord Athbhreithnithe neamhspleách go reachtúil ó thaobh chomhlíonadh a chuid fheidhmeanna. Tá an Bord freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil othar in ionad ainmnithe (faoi láthair is é an t-aon ionad ainmnithe ná an Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar) a cuireadh isteach ann de bharr cinneadh de chuid na gcúirteanna nach bhfuil siad oiriúnach le cur faoi thriail nó ar measadh iad a bheith neamhchiontach i gcion de bharr gealtachta. Déanann an Bord athbhreithniú chomh maith ar choinneáil príosúnach, lena n-áirítear príosúnaigh mhíleata, a aistríodh chuig ionad ainmnithe agus atá ag fulaingt ó mhí-ord meabhrach.

3. ATHBHREITHNITHE DE CHUID AN BHOIRD

Coinnítear thart ar 80 othar sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006. Athraíonn an líon seo ó am go ham mar gheall go n-aistrítear othair as príosún chuig an Ospideál ar mhaithe le cóireáil agus cúram agus ina dhiaidh sin cuirtear ar ais chuig an bpríosún iad. Éilítear ar an mBord faoin Acht a chinntiú go ndéantar athbhreithniú ar choinneáil othair ag tráthanna rialta, nach faide ná 6 mhí, de réir mar a mheastar a bheith iomchuí. Is féidir tús a chur le hathbhreithnithe, lasmuigh de na hathbhreithnithe sin a sceidealtar go rialta (i) thar ceann an Bhoird; (ii) ar éileamh ón othar; (iii) ar éileamh ón Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus

Athchóirithe Dlí; (iv) ar éileamh ón Stiúrthóir Cliniciúil. Déantar na hathbhreithnithe sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar.

I rith 2009, d'éist an Bord le 167 athbhreithniú coinneála a bhain le 84 othar. Tá ardú tagtha ar líon na n-athbhreithnithe thar thréimhse trí bliana le iomlán de 133 i 2007 agus 150 i 2008. (Tagairt in Aguisín A).

Agus an Bord ina chéad bhliain iomlán, ní dhearna sé ach an 1ú, 2ú agus 3ú éisteacht athbhreithnithe, anois agus é ina thríú bliain, tá an Bord ag déanamh an 6ú, 7ú agus 8ú athbhreithniú ar choinneáil othar. I 2007, b'ionann 51% de na héisteachtaí agus an 1ú athbhreithniú, i 2008 b'ionann an céatadán seo agus 13% agus i 2009 bhí 16% de na héisteachtaí ag an 1ú céim athbhreithnithe. I 2009, bhí 1% de na héisteachtaí ag an 8ú céim athbhreithnithe agus b'ionann 20% acu agus an 7ú athbhreithniú. (Tagairt in Aguisín B).

B'ionann formhór na n-athbhreithnithe coinneála agus othair a cuireadh isteach sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar faoi Alt 5(2) d'Acht 2006 a fuarthas neamhchiontach de bharr gealtachta. I 2008 agus 2009 b'ionann 53% de na héisteachtaí agus othair a cuireadh isteach faoi Alt 5(2) den Acht agus b'ionann an grúpa seo agus 60% de na héisteachtaí i 2007. Bhí líon suntasach athbhreithnithe ann chomh maith ar othair a cuireadh isteach faoi Alt 15(2) faoin Acht, arbh príosúnaigh iad a aistríodh go neamhdheonach chuig an bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar chun cúram agus cóireáil a fháil

nach bhféadfaí a chur ar fáil sa phríosún. B'ionann an grúpa seo agus 32% d'éisteachtaí i 2009, 38% i 2008 agus 34% i 2007. (Tagairt in Aguisín C).

4. AN SCÉIM UM CHÚNAMH DLÍ MEABHAIR-SHLÁINTE (AN DLÍ COIRIÚIL)

Ceanglaíonn Alt 12 (1)(c) d'Acht 2006 ar an mBord ionadaithe dlí a shannadh d'othair atá faoi réir athbhreithnithe mura bhufuil sé beartaithe acu féin ionadaíocht dlí a fhostú ar a gcostas féin. Chun na críche sin, chuir an Bord An Scéim um Chúnamh Dlí Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) 2006 i bhfeidhm.

I 2009 bhí 30 aturnae ceangailte leis an bpainéal dlí a fheidhmíonn faoin Scéim. I 2008 agus 2007 bhí 28 agus 25 aturnae ar an bpainéal araon. Ba é an meánlíon cásanna a sannadh d'aturnaetha i 2009 ná 6 cé gur sannadh 5 dóibh sa dhá bhliain roimhe sin. Sannadh meánlíon de 12 cás don ardcheathairíl aturnaetha a bhí ar an bpainéal i 2009, 13 i 2008 agus 14 i 2009 agus níor sannadh aon chás don cheathairíl íochtair. Ar mhaithe le leanúnachas, sanntar an t-aturnae céanna d'othar maidir le habhreithnithe ina dhiaidh sin. Is féidir le hothair diúltú do sheirbhísí an aturnae a sannadh agus is féidir leo aturnae eile a iarradh ón bpainéal nó is féidir leo aturnae nach bhfuil ar an bpainéal a fhostú ar a gcostas féin. (Tagairt in Aguisín D).

5. ORDUITHE URSCAOILTE

Faoin Acht tá sé de chumhacht ag an mBord duine a scaoileadh amach faoi choinníollacha nó gan choinníoll. Breithníonn an Bord áfach nach bhfuil aon chumhacht ann coinníollacha a chur i bhfeidhm, dá scaoilfeadh sé duine

amach faoi choinníollacha. I rith 2009 rinne an Bord athbhreithniú ar roinnt othar a bhreithníonn sé a bheith oiriúnach do scaoileadh amach choinníollach faoi réir in-fhorfheidhmitheachta. Tuigeann an Bord gur dhréachtaigh an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí leasú cuí ar an Acht chun coinníollacha infhorghníomhaithe a thabhairt isteach.

Ní dhearna an Bord aon ordú maidir le scaoileadh amach gan choinneáil i rith 2009.

6. IMEACHTAÍ DLÍ

Bhí an Bord rannpháirteach i dtrí imeacht Athbhreithniú Breithiúnach de chuid na hArd-Chúirte agus ainmníodh é mar Pháirtí Fógartha in imeachtaí *Habeas Corpus* in aghaidh Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalar.

(1) Athbhreithniú Breithiúnach de chuid na hArd-Chúirte (Uimh. Taifid 1517/2007JR)

JB
v.
An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil)
An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
Éire agus an tArd Aighne

Thug an Breitheamh Hanna breithiúnas an 25 Iúil 2008 (Teideal an Bhreithiúnais: *B –v- An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) & Eile).*

Bhí JB ag lorg, i measc nithe eile, ordú a chuirfeadh iallach ar an mBord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) ordú a dhéanamh é a scaoileadh amach go coinníollach ón bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar ach níor éirigh leis os comhair na hArd-Chúirte.

Lóisteáladh Fógra Achomhairc chuig an gCúirt Uachtarach i Nollaig 2008. (Uimh. Achomhairc 411/2008).

Lóisteáladh Fógra Foriarratais chun breis ama a thabhairt do sheirbhís Fhógra Cros-Achomhairc i ndáil leis an Ordú Costas a rinne an Breitheamh Hanna san Ard-Chúirt thar ceann an Aire Dlí agus Cirt, Éireann agus an Ard-Aighne i Márta 2009.

(2) Athbhreithniú Breithiúnach de chuid na hArd-Chúirte (Uimh. Taifid 1015/2007JR)

MC, duine mímheabhrach nach bhfuarthas é a bheith amhlaidh, a bhfuil a dheirfiúr agus a chéad chara eile, BM, ag déanamh agra ina leith
v.
An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil), Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalar, Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte, An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tArd-Aighne.

Cuireadh tús leis na himeachtaí seo i mí Iúil 2007. Bhí an t-Iarratasóir ag lorg, i measc nithe eile, ordú a dhéanfadh cinneadh de chuid an Bhoird Abhreithnithe Meabhair-Shláinte dár dáta 31 Bealtaine 2007 go raibh cóireáil othar cónaitheach sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar de dhíth air agus nár chóir é a scaoileadh amach a neamhnú.

De bhun Alt 13 den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006, rinne an Bord ordú maidir le scaoileadh amach gan choinneáil an 27 Meitheamh 2008 agus a tháinig i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2008. Tugadh imeachtaí an Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh in aghaidh an Bhoird chun críche i Meitheamh 2009 nuair a rinne an Breitheamh O'Neill ordú a scrios amach na himeachtaí ina aghaidh an Bhoird agus ní dhearna sé aon Ordú maidir le costais. Chomhaontaigh an Bord go n-íocfadh sé as a chuid costas féin sna himeachtaí.

(3) Athbhreithniú Breithiúnach de chuid na hArd-Chúirte (Uimh. Taifid 2008/745 JR)

DG
v.
An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil), An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tArd-Aighne.

Cuireadh tús leis na himeachtaí seo i Meitheamh 2009 a lorg, i measc nithe eile, ordú a chuirfeadh iallach ar an mBord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) ordú a dhéanamh chun scoileadh amach coinníollach an Iarratasóra ón bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar a údarú. Cuireadh imeachtaí ar atráth le toiliú i Nollaig 2009 go dtí Feabhra 2010.

(4) Iarratas faoi Alt 40.4.2 den Bhunreacht (Uimh. Taifid Ard-Chúirt 2009/2081SS)

AL
v.
Harry Kennedy, Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalar agus
An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) (Páirtí Fógartha)

Tháinig an t-iarratas *Habeas Corpus* os comhair an Bhreithimh Peart an 14 Nollaig 2009, agus bhíothas ag fanacht ar Bhreithiúnas ag deireadh 2009.

7. CRUINNITHE

Thug an Bord cuairt ar shaoráid Oileán Uiséir an 21 Bealtaine 2009. Tá an tsaoráid seo mar chuid de na seirbhísí teiripe saothair a chuireann an Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar ar fáil. Chas an Bord leis an Dr. Brenda Wright, Síciatraí Comhairleach agus le roinnt othar a bhí ag gabháil do gníomhaíochtaí teiripeacha.

8. CAITEACHAS

B'ionann caiteachas iomlán an Bhoird i 2009 agus €661,264. Caitheadh €364,127 ar phá, €111,331 ar sholáthar cúnaimh dlí saor in aisce agus €185,806 ar chostais eile. Ag teacht le treoracha na Roinne Airgeadais, tháinig feidhm le laghdú 8% i dtáillí atá iníoctha le haturnaetha faoin Scéim Cúnaimh Dlí le héifeacht ón 1 Márta, 2009.

Nóta:
Tá An tAcht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006
Nósanna imeachta An Bhoird Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil), agus
Téarmaí agus Coinníollacha na Scéime um Chúnaimh Dlí Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) 2006
le fáil ar láithreán gréasáin an Bhoird (www.mhclrb.ie).

Aguisín A

Líon Éisteachtaí in aghaidh na Míosa 2009/2008/2007

Mí	Líon Éisteachtaí 2009	% de 2009 Iomlán	Líon Éisteachtaí 2008	% de 2008 Iomlán	Líon Éisteachtaí 2007	% de 2007 Iomlán
Eanáir	8	5%	13	9%	30	22%
Feabhra	8	5%	13	9%	5	4%
Márta	6	4%	11	7%	3	2%
Aibreán	20	12%			16	12%
Bealtaine	24	14%	19	13%	18	14%
Meitheamh	3	2%	25	16%	20	15%
Iúil	20	12%	13	9%		
Lúnasa	20	12%	1	1%	7	5%
Meán Fómhair	12	7%	9	6%		
Deireadh Fómhair	28	16%	8	5%	9	7%
Samhain	18	11%	20	13%	14	11%
Nollaig			18	12%	11	8%
Iomlán	**167**	**100%**	**150**	**100%**	**133**	**100%**

Nóta: Thionóil an Bord éisteacht amháin i Nollaig 2006.

Aguisín B

Líon Éisteachtaí de réir Athbhreithnithe 2009/2008/2007

Cineál Athbhreithnithe	Líon Athbhreithnithe 2009	% de 2009 Iomlán	Líon Athbhreithnithe 2008	% de 2008 Iomlán	Líon Athbhreithnithe 2007	% de 2007 Iomlán
1ú Athbhreithniú	26	16%	19	13%	68	51%
2ú Athbhreithniú	14	8%	18	12%	49	37%
3ú Athbhreithniú	13	8%	37	24%	16	12%
4ú Athbhreithniú	12	7%	48	32%		
5ú Athbhreithniú	23	14%	28	19%		
6ú Athbhreithniú	44	26%				
7ú Athbhreithniú	34	20%				
8ú Athbhreithniú	1	1%				
Iomlán	**167**	**100%**	**150**	**100%**	**133**	**100%**

Nóta: Thionóil an Bord éisteacht amháin i Nollaig 2006.

Aguisín C

Líon Éisteachtaí in aghaidh an Ailt den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006 2009/2008/2007

Alt d'Acht 2006	Líon Éisteachtaí 2009	% de 2009 Iomlán	Líon Éisteachtaí 2008	% de 2008 Iomlán	Líon Éisteachtaí 2007	% de 2007 Iomlán
Alt 4(3)	6	4%	2	1%	1	1%
Alt 4(5)	12	7%	7	4%	6	4%
Alt 4(6)			4	3%	1	1%
Alt 5(2)	89	53%	79	53%	80	60%
Alt 15(1)	6	4%	1	1%		
Alt 15(2)	54	32%	57	38%	45	34%
Iomlán	**167**	**100%**	**150**	**100%**	**133**	**100%**

Nóta: Thionóil an Bord éisteacht amháin i Nollaig 2006 maidir le coinneáil othar faoi Alt 4(3).

Alt 4(3) Neamhinniúil ar Phléadáil, Cúirt Dúiche
Alt 4(5) Neamhinniúil ar Phléadáil, Cúirt Eile
Alt 4(6) Scrúdú agus tuairisc maidir le hinniúlacht ar phléadáil
Alt 5(2) Neamhchiontach de bharr gealtachta
Alt 5(3) Scrúdú agus tuairisc maidir le neamhchiontacht de bharr gealtachta
Alt 15(1) Aistriú deonach ó Phríosún
Alt 15(2) Aistriú neamhdheonach ó Phríosún

Aguisín D

Meánlíon Cásanna a Sannadh chuig Ionadaithe Dlí ar Phainéal Cúnaimh Dlí - 2009/2008/2007

Bliain	Líon Ionadaithe Dlí ar an bPainéal	Meánlíon cásanna a sannadh	Meánlíon cásanna a sannadh Ardcheathairíl	Meánlíon cásanna a sannadh 2ú & 3ú Ceathairíleanna	Meánlíon cásanna a sannadh Ceathairíl Íochtair
2009	30	6	12	10	0
2008	28	5	13	7	0
2007	25	5	14	7	0